# Ná húsáid an cárta creidmheasa gan chead!





Bhí mé fein agus mo dheirfiúr ag féachaint ar an **idirlíon** nuair a chonaic muid **go mbeadh** banna iontach sa staid AVIVA i mBaile Átha Cliath. Ní raibh ach caoga euró ar na ticéid.




**Shocraigh** muid ar dhul. Bhí cárta creidmheasa dhaid sa chistin agus bhí an uimhir agam. **Níor smaoinigh** mé ar Dhaid. Chuir muid uimhir an chárta isteach agus cheannaigh muid dhá thicéad.




Chuaigh muid go dtí an cheolchoirm san AVIVA agus bhí an áit **dubh le daoine**.  Bhí an banna iontach maith agus bhí muid breá sásta gur cheannaigh muid na ticéid.




Ach **ar an drochuair** fuair Daid amach. ***'Filleann an feall ar an bhfeallaire'* mar a deir an seanfhocal.** Bhí an céad euró le feiceáil ar an bhille.  Ní raibh Daidí **pioc sásta.**




Chuir Daidí ceist orm an raibh aon mhíniú agam ar an scéal. Bhí **díomá** an domhain ar mham agus ar dhaid. Bhí siad crosta go ndearna muid **rud chomh hamaideach**. Dúirt mé go raibh brón orm.




**Bhí orainn** obair tí a dhéanamh. Mar shampla, na fuinneoga a ghlanadh, an **folúsghlanadh** a dhéanamh agus a lán rudaí eile. Ní raibh cead againn dul amach ag an deireadh seachtaine. Bhí ceacht foghlamtha againn.